Léarscáil

Irish

Ulster Museum

Féach/fiosraigh/foghlaim

Fáilte Mhór

Tá teach seo taiscí Thuaisceart Éireann ar oscailt ó bhí 1929 ann agus istigh ann atá taiscí ealaíne, staire agus eolaíochtaí nádúrtha, idir úr agus aosta. Tá tú ar tí iarsmaí a fheiceáil anseo a gcuirfidh gach cineál duine suim iontu, idir an té atá ar lorg feasa agus an té a bhfuil an-eolas aige orthu, idir iarsmaí ársa agus iarsmaí is sár-ealaín nua-aimseartha iad, bíodh siad againn as Éirinn nó as réigiúin an Aigéin Chiúin Theas féin.

Tá áit ar dóigh ann le tús a chur leis an turas iontach ar an fhoirgneamh iomráiteach seo againn, turas suilt agus saibhreas eolais, is é sin Zón na Fáilte. Bainfidh na céadfaí sult as cuimse as na hachair nua idirghníomhaíochta, as na hachair fhoghlama agus as gailearaí ealaíne feidhmí. Beidh an siúl thart ar an iarsmalann féin ina ábhar suilt. Tá ardaitheoirí nua ann agus cosáin bheo ar leibhéal ard a mbainfear sult astu fosta.

Is cuma cé acu cuairt bheag ghearr nó spléachadh ceart ar na gailearaithe atá uait, tá súil againn go mbaineann tú sult as an iarsmalann inniu agus go mbíonn tú ar ais roimh i bhfad eile.

Na 10 suntas is mó is fiú a fheiceáil

Dineasár *Edmontosaurus*

Cé gur cnámharlach ollmhór é cnámharlach Edmontosaurus, iteoir plandaí a bhí ann nach raibh dochar nó urchóid ar bith ann. Bhí sé ar na dineasáir a ba choitianta i Meirceá Thuaidh thart ar 70 milliún bliain ó shin. Deirtear gur tháinig a dheireadh nuair a casadh air Tyrannosaurus, a bhí beo ar aon talamh leis. Níl cnámharlach ar bith eile in Éirinn chomh hiomlán leis.

An áit a bhfeicfidh tú é: Fuinneog ar an Domhan (06, bunurlár).

Libhré Phádraig

Bunaíodh Ord Phádraig i 1783 agus níor tugadh ballraíocht ach dóibh siúd a bhí ina n-uaisle a bhí dílis do Choróin Shasana le linn do na hÉireannaigh a bheith ag iarraidh neamhspleáchais ar Shasain. Éirí Amach 1798 na nÉireannach Aontaithe an toradh a bhí air seo. Sa léaráid seo, tá cába ar a bhfuil seacht rós snaidhmthe i sé chláirseach órga a chaitheadh an Tiarna Shaftesbury lá den saol

An áit a bhfeicfidh tú é: Ón Phlandáil go Cumhachtroinnt (09).

An Salamandar

Níl sa salamandar seo ach aon chuid amháin de thaisce seodra 16ú haois na hiarsmalainne as An Girona, a bhí mar chuid den Armaid. An bharúil a bhí ann go raibh bua ag an salamandar tine a chur as agus teacht slán uirthi fosta – ortha luachmhar ar long chogaidh de dhéantús an adhmaid.

An áit a bhfeicfidh tú é: An Armaid (11).

Tacabútaí

Bhí Tacabútaí ina máistreas ar theaghlach uasal tábhachtach níos mó ná 2,500 bliain ó shin. Bean ghradamach a bhí inti i dteach gar don Téibh san Éigipt. Tá sí ar na hiarsmaí is mó a thugann daoine chuig an iarsmalann ó chonaic an pobal don chéad uair i 1835 í.

An áit a bhfeicfidh tú í: Tacabútaí – An Bás agus an Bheatha san Éigipt Fadó (13).

Diosca na Banna

Is thíos ar ghrinneall Abhainn na Banna a bhí an diosca seo agus is cuid é de chnuasach iarsmaí an-tábhachtacha ón Iarannaois é. Tá Diosca na Banna ar na samplaí is fearr de dhearadh na gCeilteach ón ré sin.

Áit a bhfeicfidh tú é: An Luathmhuintir (14).

Taisce Mhagh Luain

Is i nDún Feart ar Bhóthar Mhagh Luain i mBéal Feirste féin a fuarthas an cnuasach seo tuanna. Is de dhéanamh poircealláiníte iad agus is as an Chlochaois iad.

Áit a bhfeicfidh tú í: An Luathmhuintir (14).



Grinneall na Farraige Fadó

Is iontach an cnuasach nádúrtha seo de bhlaoscanna calctha agus d'éadáil a léiríonn mar bhíodh cuid de ghrinneall na farraige 200 milliún bliain ó shin.

Áit a bhfeicfidh tú é: Iontaisí & An Éabhlóid (23).



Jacob Jordaens (1593-1678) *Naomh Criostóir ag Iompar Íosagáin (c.1630)*

Ó bhí an 17ú aois ann, tá Jordaens ar na healaíontóirí is mó cáil as scoil ealaíne Antuairpe. Spreag pictiúr cáiliúil de Chriostóir, 'Teacht Den Chrois', a phéinteáil Ruben i 1614 é leis an phictiúr seo a phéinteáil.

Áit a bhfeicfidh tú é: Gailearaí Ealaíne 1 (24).



Caibinéad Banmhaisiúcháin Chill Dara

Bíodh amharc beag agat ar sheomra feistis do bhean uasaicmeach san 18ú aois. Is do bhean chéile 19ú Tiarna Chill Dara a rinneadh é agus níl a leithéid eile de chaibinéad maisiúcháin airgeadchiumhasaigh ar fáil.

Áit a bhfeicfidh tú é: Gailearaí Ealaíne Feidhmí George agus Angela Moore (33).

Síothal Chlúdaithe Bhéal Leice

Vása as an choitiantacht amach is amach é seo, é deartha go bláfar agus maisithe le nóiníní agus le lus míonla. Eiseamláir atá ann d'shárcheardaíocht agus d'fhoighid photairí Bhéal Leice.

Áit a bhfeicfidh tú í: Gailearaí Ealaíne Feidhmí George agus Angela Moore (33).

Tugtar faoi deara go bhfuil seans ann nach mbeidh cuid de na rudaí atá ar an léarscáil le feiceáil agat le linn do chuairte. Athraíonn muid taispeántais uaireanta agus uaireanta eile bíonn rudaí ag iarsmalanna eile ar iasacht.

Bí Páirteach

Ba mhian linn cuairteoirí a bheith spreagtha tógtha agus iad anseo in Iarsmalann Uladh. Mar sin de beidh deis acu idirghníomhú a dhéanamh in áiteanna áirithe agus iad ar cuairt. Is féidir tomba Clochaoise a thógáil, clog gréine a oibriú, éisteacht le scéal fháinní Girona, bróiste neasfháinneach a cheangal agus ceol éanlaithe logánta a aithint.

Tá na trí háit fhoghlama ann do chách – ní do pháistí amháin. Leis an idirghníomhú atá ar fáil, beidh deiseanna ag cuairteoirí bheith ag foghlaim faoi na hiarsmaí atá againn agus cur lena n-eolas orthu.

Léiríonn an tsiombail seo ar an léarscáil na háiteanna foghlama idirghníomhaíochta don Stair, don Dúlra agus don Ealaín.

Foghlaim Faoin Stair

— Bí i do sheandálaí fóiréinseach
— Cuir ort cóirséad agus crionoilín
— Foghlaim faoi thionsclaíocht Bhéal Feirste le linn Ré Victoria

Foghlaim Faoin Dúlra

— Cuir do lámh ar fhíorchloigeann eilifínte
— Aimsigh domhan úr faoin mhicreascóp
— Fiosraigh ár gcnuasach feithidí as gach cearn den domhan

Foghlaim Faoin Ealaín

— Foghlaim a thuilleadh faoin ealaín agus faoi ealaíontóirí
— Déan saothar ealaíne de do chuid féin
— Cuir leis an chnuasach ealaíne atá againn

Cá mhéad ama atá agat?

Tacabútaí
Diosca na Banna
Grinneall na Farraige Fadó
Naomh Criostóir ag Iompar Íosagáin

Faoi bhrú ama?
1 Uair

Dineasár *Edmontosaurus*
Libhré Phádraig
An Salamándar
Taisce Mhagh Luain
Caibinéad Banmhaisiúcháin Chill Dara
Síothal Clúdaithe Bhéal Leice

Cuid mhór ama agat?
Breis agus 3 uair

Feicfidh tú na 10 suntas is mó a mheallann cuairteoirí ach breis agus 3 uair a chloig a bheith le spáráil.

Ballraíocht

Dóibh siúd atá chomh tugtha don iarsmalann is atá muidne, tá ballraíocht ar fáil. Tacaíonn síntiúis bhallraíochta lenár gcuid oibre agus bíonn leas le baint as an bhallraíocht seo. Bíonn saorchead isteach ag baill i Músaem Daonchultúir agus Iompair Uladh agus i nDaonpháirc Uladh-Mheirceá. Beidh lacáiste 10% acu ar dheasagáin inár siopaí. Cuirfear nuacht na n-iarsmalann chuig baill go rialta fosta chomh maith le heolas ar imeachtaí agus ar thaispeántais ar shuímh uile Iarsmalanna Thuaisceart Éireann.

Cuimhnigh gur féidir amharc ar shuíomh láithreáin na hiarsmalainne le tuilleadh eolais a fháil ar imeachtaí, ar thaispeántais, ar amanna oscailte agus ar chuid suntais na gcnuasach.

www.nmni.com

Iarsmalann Uladh

Na Lusghairdíní
Béal Feirste BT9 5AB
Tuaisceart na hÉireann

Teil: 028 9044 0000

National Museums Northern Ireland

Fuinneog ar an Domhan

Thuas go hard os do chionn ag teacht isteach duit tá struchtúr de dhéanamh gloine agus cruach, Fuinneog ar an Domhan. Agus tú ansin gheobhaidh tú amharc iontach ar réimse iarsmaí. Meallfaidh cuid suntais na hiarsmalainne atá le feiceáil as seo thú níos faide isteach san iarsmalann. Feicfidh tú láithreach iarsmaí suntasacha ar nós croise as an Mheánaois chomh maith le cnámharlach an droimeitigh bhig ach amharc fosta go bhfeice tú biorán brollaigh Lochlannach agus starrfhiacail *Narwhal.* Lena chois sin is féidir balla na mionbheithíoch agus na bhféileacán a fheiceáil.

Ag roghnú bealaigh

Is iomaí bealach ann le taiscí Iarsmalann Uladh a fheiceáil. Leis an fhoirgneamh nua beidh sé furast ag daoine bealach a roghnú a oireann dóibh féin leis an oiread ama is mian leo a chaitheamh san áit.

Ar theacht isteach, beidh daoine ábalta siúl isteach chuig an zón iontach sin, Fuinneog ar an Domhan, agus ansin dul suas an bealach ón Chros Ard chuig an Trícheireatóp nó dul ar ais chuig Zón na Fáilte. As sin féadann cuairteoirí dul ar an ardaitheoir le cur lena n-eolas ar ealaíontóirí cliúiteacha, ag fánaíocht siar tríd an Dúlra agus tríd an Stair a fhad le bialann. Cibé bealach a roghnaíonn tú féin, bainfidh tú sult as seantéamaí iontacha, cuid acu a bhaineann le hÉirinn, cuid eile a bhaineann le críocha i bhfad uainn ar fud fad an domhain.

Eolas don Chuairteoir

Cad é mar is féidir linn cuidiú leat?

Má bhíonn cuidiú de dhíth, labhair le ball foirne nó gabh chuig an deasc eolais i Zón na Fáilte. Tá gach príomháis marcáilte ar an léarscáil sa dóigh gur féidir teacht gan stró ar dheasc an eolais, ar na leithris, ar na bealaí éalaithe agus ar na bealaí is oiriúnaí do dhaoine a bhfuil máchail fhisiceach orthu nó a úsáideann cathaoir rotha.

Sos tae

Leis an siúl uile a dhéanfaidh cuairteoirí, is cinnte go dtiocfaidh ocras orthu. Gheobhfar réimse de scothbhia áitiúil sa bhialann nó bolgam tae agus greim le hithe sa chaifé.

Breathnaigh agus ceannaigh

Is cuma cé acu cuimhneachán ar do chuairt atá uait nó bronntanas, tá réimse mór d'earraí leithleacha a mbainfidh idir óg agus aosta sult astu. Ar na hearraí atá againn tá bréagáin agus cluichí páistí, saothar ealaíne agus ceardaíocht áitiúil chomh maith le leabhair shuimiúla.

Grianghraif

Féadann cuairteoirí grianghraif a tharraingt istigh san iarsmalann agus fáilte. Tá áiteanna ann áfach nach mbeidh tarraingt ghrianghraf ceadaithe agus beidh muid buíoch as an chomhoibriú a dhéanann cuairteoirí linn leis na hiarsmaí luachmhara sna gailearaithe seo a chosaint agus a chaomhnú.

Beidh coinníollacha iontrála Iarsmalann Uladh i bhfeidhm ar fud na hiarsmalainne.
Tá teilifís ciorcaid iata in úsáid ag an iarsmalann, taobh amuigh agus taobh istigh araon.

Léarscáil



Eochair Áiteanna

01 Zón na Fáilte
02 Léachtlann
03 Seomra Bhéal Feirste
04 Zón Foghlama
05 Seomra Grainger (Seomra Ilfheidhmeach)

06 Fuinneog ar an Domhan

Zón na Staire
07 Na Trioblóidí
08 Foghlaim Faoin Stair
09 Ón Phlandáil go Cumhachtroinnt (Éire ó 1600)
10 Deasghnátha Aistrithe Saoil (i bhFuinneog ar an Domhan)
11 An Armaid (Briseadh Girona)
12 Na Naoimh agus Na hOllaimh (Éire sa Mheánaois)
13 Tacabútaí (An Bás agus An Bheatha san Éigipt Fadó)
14 An Luathmhuintir (Éire na Réamhstaire)

Zón an Dúlra
15 An Oighearaois
16 Broinn Chian na hAimsire
17 Foghlaim Faoin Dúlra
18 Ealtaí as an Alltacht (i bhFuinneog ar an Dúlra)
19 I dTosach Báire
20 Taiscí an Domhain
21 An Domhan Beo
22 An Fharraige Thart Orainn
23 Iontaisí agus An Éabhlóid

Zón na hEalaíne
24 Gailearaí Ealaíne 1
25 Gailearaí Ealaíne 2
26 Gailearaí Ealaíne 3
27 Gailearaí Ealaíne 4
28 Gailearaí Ealaíne 5
29 Gailearaí Ealaíne 6
30 Gailearaí Ealaíne 7
31 Gailearaí Ealaíne 8
32 Foghlaim Faoin Ealaín
33 Gailearaí Ealaíne Feidhmí George & Angela Moore

Zón na Fáilte
Zón na hEalaíne
Zón an Dúlra
Zón na Staire
Fuinneog ar an Domhan

Idirghníomhaíochtlann

Ulster Museum

Deasc Eolais
Leithris
Bealach Isteach do Dhaoine a Bhfuil Máchail Fhisiceach Orthu
Seomra Tuistí & Leanaí
Seomra Chothú Leanaí
Seomra na gCótaí
Siopa
Bialann
Caifé
Ardaitheoirí
Bealaí Éalaithe